

IRIS OIFIGIÚIL

VÍN

An bhliain 2025**Arna heisiúint an 30 Meitheamh 2025**

An 33ú hAcht:**An tAcht um Imeachtaí Vín 2020 (Wr. VG); Leasú**

An tAcht lena leasaítear an tAcht um Imeachtaí Vín, 2020 (Wr. VG)

Tá an méid seo a leanas foraitheanta ag Parlaimint Stáit Vín:

Airteagal I

An tAcht um Imeachtaí Vín 2020 (Wr. VG), Leasaítear Iris Oifigiúil Vín Uimh. 53/2020, mar a leanas:

1. *I gclár na n-ábhar, san iontráil d'Alt 32 léitear an méid seo a leanas 'Imeachtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol'.*

2. *In Alt 4., mír 2, clásal 1 léitear an méid seo a leanas:*

'1. Léirithe amharclainne i spásanna laistigh nó i bpubaill más féidir le breis agus 50 cuairteoir freastal ag an am céanna;'

3. *In Alt 4., mír 2, clásal 3 léitear an méid seo a leanas:*

'3. Taispeántais scannán agus teilgean comhchosúla faoin aer nó i bpubaill;'

4. *In Alt 5 clásal 1 léitear an méid seo a leanas:*

'1. Léirithe ceoil faoin aer nó i bpubaill nach gá clárú ina leith agus nár cinneadh cheana féin go bhfuil an t-ionad oiriúnach dóibh (Alt 23, mír 8);'

5. *In Alt 6 mír 2, Alt 7 mír 1, Alt 10 mír 5, agus Alt 14 mír 2, cuirtear isteach an frása 'nó an Eilvéis' tar éis an fhrása 'Stát Conarthach LEE'.*

6. *In Alt 6 mír 3 clásal 3, in ionad an lua 'BGBl. I Uimh. 38/2019' cuirtear isteach an lua 'BGBl. I Uimh. 77/2023'.*

7. *Cuirtear an abairt seo a leanas le hAlt 6, mír 6:*

'Ní mór don údarás an t-athrú eagraí a thabhairt dá aire má chomhlíontar na ceanglais phearsanta.'

8. *Cuirtear an mhír seo a leanas le hAlt 6*

'(7) I gcás atheagruithe (cumaisc, claochluithe, ranníocaíochtaí, comhdhlúthuithe, fíordheighiltí agus díchumaisc), aistrefar an teidlíocht bhunaidh mar eagraí chuig an gcomharba dlíthiúil. Tá feidhm ag mír 6 maidir leis an bhfógra comhfhreagrach chuig an údarás.'

9. *In Alt 7, mír 2, agus Alt 16, mír 4, in ionad an fhrása 'BGBl. I Uimh. 104/2018' cuirtear isteach an frása 'BGBl. I Uimh. 123/2021'*

10. *In Alt 7 mír 2, san abairt dheireanach, in ionad an fhrása 'agus mír 3, clásal 1 agus clásal 2' cuirtear isteach an frása 'nó mír 3, clásal 1 nó clásal 2'.*

11. *In Alt 8, mír 3, scriostar an focal 'Alt 8'.*

12. *Sa chéad abairt, d'Alt 12, tar éis an fhocail 'inniúil' cuirtear isteach an frása 'agus údaraithe chun glacadh le doiciméid oifigiúla'.*

13. In Alt 15, mír 1, tar éis an fhocail ‘meaisíní sliotáin’, cuirtear isteach lánstad in ionad na camóige agus scriostar an fochlásal a leanas.

14. Cuirtear na habairtí seo a leanas le hAlt 15, mír 2:

‘Ní fhéadfaidh an geall in aghaidh an chasaidh a bheith níos mó ná EUR 1 agus ní fhéadfaidh suim na sochar airgeadais geallta a bheith níos mó ná EUR 5 nó síneadh casaidh uathoibríoch suas le cúig chasadh saor in aisce go díreach. Ní cheadaítear airgead ná dearbháin mar shochair airgeadaíochta. I gcás meaisíní sliotáin siamsaíochta nach dtugann aon luach saothair airgeadaíochta, ní fhéadfaidh an geall uasta in aghaidh an casaidh a bheith níos mó ná EUR 2.’

15. In Alt 16, mír 3, clásal 8, cuirtear na focail ‘coincheap an chomhshaoil agus na dramhaíola’ in ionad an fhocail ‘coincheap na dramhaíola’.

16. In Alt 18, mír 4, léitear an méid seo a leanas:

‘(4) Córais chosanta dóiteáin agus córais seirbhísí foirgníochta atá formheasta go hoifigiúil cheana féin i nósanna imeachta dlíthiúla feidearálacha nó stáit eile nó i gcomhréir leis an Acht um Ardaitheoirí Vín 2006, LGBI. Meastar Uimh. 68/2006, arna leasú, a bheith oiriúnach faoi dhlí na n-imeachtaí.’

17. Sa chéad abairt, d’Alt 18, mír 7, scriostar an frása ‘ar iarraidh réasúnaithe’.

18. In Alt 18, mír 7, sa dara habairt, léitear an méid seo a leanas: ‘Ní cheadaítear bearta eagraíochtúla ach amháin más imeacht sealadach agus neamhrialta atá ann agus go mbeadh costas díreireach airgeadais i gceist leis murach sin.’

19. Cuirtear an mhír seo a leanas le hAlt 20:

‘(4) I gcás ionaid imeachtaí atá ann le tríocha bliain ar a laghad agus a bhfuil toilleadh níos mó ná 1,000 cuairteoir iontu, Alt 18, mír 1, ní bheidh feidhm ag clásal 3 agus cosaint ar thorann á cur san áireamh i gcomparáid le foirgnimh a tógadh ar dháta níos déanaí, ar choinníoll go réachtáiltear imeachtaí laistigh den raon feidhme a ceadaíodh nó a bhí incheadaithe roimhe sin agus go gcruthóidh eagraí nó úinéir ionad an imeachta go bhfuil tábhacht mhór stairiúil, cultúrtha, eacnamaíoch nó turasóireachta ag ionad an imeachta do Vín. Agus measúnú á dhéanamh ar incheadaitheacht na leibhéal astaíochta torainn de bhun Alt 23, mír 3 agus mír 4, measfar gurb iad na spásanna maireachtála is gaire do chónaitheoirí na spásanna sin a úsáideadh roimh na foirgnimh a tógadh ar dháta níos déanaí.’

20. In Alt 23, mír 3, sa téacs roimh Thábla I léitear an meid seo a leanas:

‘I gcás imeachtaí a réachtáiltear amuigh faoin aer nó imeachtaí i bpubaill, ní fhéadfaidh an torann a tharlaíonn mar gheall ar an imeacht go díreach os comhair fhuinneoga sheomraí na gcomharsan is gaire a bheith níos mó ná na teorainnluachanna astaíochta torainn a shonraítear i dTábla I. Ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair, beidh feidhm ag na luachanna ar an tráthnóna roimh an Satharn, an Domhnach agus laethanta saoire poiblí ó 7 a.m. go 11 p.m. agus ó 11 p.m. go 7 a.m. (seachas i gcatagóirí 1 agus 2).’

21. In Alt 23, mír 4, tá an frása idir lúibíná ‘ó mhí Aibreáin go mí Dheireadh Fómhair go dtí 11 p.m.’ á fhorlíonadh leis an bhfrása ‘agus san oíche ó Oíche Chinn Bliana go dtí Lá na Bliana Nua go dtí 2 a.m.’

22. In Alt 23, mír 6, léitear an méid seo a leanas:

‘(6) Arna iarraidh sin ag an údarás, cuirfear fianaise fuaime isteach lena léireofar go bhfuil na teorainnluachanna reachtúla nó na teorainnluachanna a iarradh á gcomhlíonadh chun núis mhíreasúnta a sheachaint.’

23. In Alt 23, mír 8, léitear an méid seo a leanas:

‘(8) I gcás imeachtaí le léirithe ceoil faoin aer nó i bpubaill de bhun Alt, 5, clásal 1, ní mór fógra a thabhairt do na húdaráis seachtain amháin ar a laghad roimh thús an imeachta mura bhfuil cinneadh déanta cheana féin go bhfuil an t-ionad oiriúnach chun na críche sin. Ní mór mionsonraí maidir le ham, áit agus méid an imeachta agus an cineál léirithe a bheith san fhógra. Má léirítear san fhógra nach gcomhlíontar na ceanglais dhlíthiúla maidir le fógra a thabhairt, ní mór don údarás é sin a chinneadh.’

24. In Alt 24, mír 3, clásal 2, cuirtear an frása ‘sa leagan reatha’ in ionad an fhrása ‘arna leasú go deireanach le LGBI. le haghaidh Vín Uimh. 13/2019’.

25. In Alt 24, mír 3, clásal 4, cuirtear ‘2 a.m.’ in ionad an táisc ama ‘1 a.m.’.

26. In Alt 24, mír 4, i ndiaidh an fhrása ‘mír 1 go mír 3’ cuirtear isteach an frása ‘(cé is moite de mhír 2, clásal 1, agus mír 3, clásal 1) agus na scoithamanna a leagtar síos cheana le fógra oifigiúil’.

27. In Alt 24, mír 5, cuirtear na focail ‘le cinneadh’ in ionad an fhocail ‘atá le socrú’.

28. Cuirtear an mhír seo a leanas le hAlt 26:

‘(5) I gcás imeachtaí ar féidir le 300 cuairteoir nó níos mó freastal orthu ag an am céanna, ní mór coincheap feasachta a tharraingt suas agus oifighigh feasachta a cheapadh chun niús dar chúis cuiarteoiría chosc más rud é go bhfuil na gnéithe seo a leanas den imeacht ann go carnach agus go bhfuil siad ceannasach maidir leis an imeacht ina iomláine:

1. Léirithe ceoil,

2. Urlár damhsa nó limistéar seasaimh os comhair an stáitse,

3. Ag riar alcóil agus

4. Deireadh an imeachta tar éis 9 p.m.

(6) Sonrófar sa choincheap feasachta slabhra tarrthála amháin ar a laghad agus an chaoi a spreagtar é. Ní mór cuairteoirí a chur ar an eolas faoin gcaoi a spreagtar an slabhra tarrthála. Más féidir le 300 cuairteoir nó níos mó freastal ar an imeacht ag an am céanna, ní mór oifighigh feasachta amháin a cheapadh; más féidir le 600 cuairteoir nó níos mó freastal ag an am céanna, ní mór beirt oifighigh feasachta a cheapadh; más féidir le 1,000 cuairteoir nó níos mó freastal ag an am céanna, ní mór triúr oifighigh feasachta a cheapadh; más féidir le 2,000 cuairteoir nó níos mó freastal ag an am céanna, ní mór ceathrar oifighigh feasachta a cheapadh; más féidir le 3,000 cuairteoir nó níos mó freastal ag an am céanna, ní mór cúigear oifighigh feasachta a cheapadh; agus más féidir le 4,000 cuairteoir nó níos mó freastal ag an am céanna, ní mór seisear oifighigh feasachta a cheapadh. I gcás imeachtaí ar féidir le 5,000 cuairteoir nó níos mó freastal orthu ag an am céanna, ní mór líon comhréireach a shonrú sa choincheap feasachta. Féadfaidh oifighigh feasachta feidhmeanna eile a chomhlíonadh freisin, ar choinníoll nach gcuirfidh sé sin bac ar a gcuid oibre mar oifighigh feasachta. Ní mór gur mná iad gach dara duine a cheapfar ar a laghad. Ní mór d’oifighigh feasachta a bheith feistithe le gléasanna cumarsáide atá réidh le glacadh i gcónaí i gcás éigeandála.’

29. In Alt 27, mír 1, léitear an méid seo a leanas:

‘(1)I gcás imeachtaí ar féidir le níos mó ná 1,000 cuairteoir freastal orthu ag an am céanna, ní mór don eagraí rialacha tí nó rialacha ionaid a dhréachtú. I gcás imeachtaí lena ngabhann riosca méadaithe do na leasanna a chosnaítear faoi Alt 18, mír 1, féadfaidh an t-údarás a cheangal go n-ullmhófar rialacha tí nó ionaid fiú má thiteann líon na ndaoine atá ag freastal faoi bhun na teorann sin.’

30. In Alt 27, mír 2, léitear an méid seo a leanas:

‘(2) Mura gceadaítear rialacha an tí nó rialacha ionaid le linn an nós imeachta clárúcháin nó measúnachta oiriúnachta, déanfar iad a thuairisciú don údarás. Ní mór athruithe ar rialacha tí nó rialacha ionaid a thuairisciú do na húdaráis freisin. Má chomhlíonann na rialacha tí nó na rialacha ionaid na ceanglais dhlíthiúla, ní mór don údarás iad a thabhairt dá aire; murach sin, ní mór an cead a dhiúltú.’

31. In Alt 27, mír 4, cuirtear camóg in ionad an lánstad ag deireadh mhír 5 agus cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

‘6. I gcomhréir le hAlt 26, mír 5 agus mír 6, infhaighteacht oifighigh feasachta agus faisnéis maidir le slabhra tarrthála feasachta a ghníomhachtu.’

32. Cuirtear an abairt seo a leanas le hAlt 27, mír 6:

‘I gcás neamhchomhlíonadh an ordaithe baint anuas, tugtar de chumhacht do na húdaráis mhaoirseachta beart a dhéanamh i gcomhréir le hAilt 29 agus 50 den Acht um Póilíní Slándála (SPG), BGBI. Uimh. 566/1991, arna leasú le BGBI. I Uimh. 122/2024, le cumhacht chomhéigineach dhíreach.’

33. Cuirtear an mhír seo a leanas le hAlt 28:

‘(7)Ní mór saoráidí leithris i limistéir lasmuigh nach bhfreastalaítear orthu go buan a shoilsiú go leordhóthanach ó gach taobh in éagmais solas an lae.’

34. In Alt 30, mír 5, in ionad an fhrása ‘BGBI. I Uimh. 23/2020’ cuirtear isteach an frása ‘BGBI. I Uimh. 21/2024’

35. In Alt 31, mír 2, i gclásal 9, scriostar an focal ‘agus’ tar éis na camóige agus i gclásal 10, cuirtear camóg in ionad an lánstad.

36. In Alt 31, mír 2, cuirtear isteach na clásail 11 agus 12 seo a leanas:

- ‘11. Coincheap feasachta chun núis do chuairteoirí a sheachaint i gcomhréir le hAlt 26, mír 5 agus mír 6, agus
- mír 12. Bearta chun limistéir lasmuigh atá deacair a fheiceáil in éagmais solas an lae a shoilsiú go leordhóthanach nó chun iad a dhéanamh neamh-inrochtana.’

37. Sa cheannlíne d’Alt 32 léitear an méid seo a leanas:

‘Imeachtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol’

38. In Alt 32 athuimhrítear míreanna 3 go 5, mar ‘(5)’ go ‘(7)’; in ionad mír 1 agus mír 2 cuirtear isteach na míreanna seo a leanas 1 go 4:

‘(1) Agus imeachtaí á n-eagrú, ní mór a bheith cúramach chun an comhshaol a chosaint a mhéid is féidir. Ag imeachtaí, ní mór a bheith cúramach úsáid a bhaint as teicneolaíocht imeachtaí agus soilsiú atá tíosach ar fhuinneamh agus neamhdhíobhálach don chomhshaol. Ní cheadaítear feistí giniúna gáis sceite (e.g. gineadóirí, teasghunnaí) a úsáid ach amháin dá mbeadh iarracht theicniúil dhíréireach mar thoradh ar nascadh le heangach chumhachta i gcomparáid leis an tairbhe don chomhshaol nó mura bhfuil sé indéanta go heacnamaíoch.

(2) Maidir le himeachtaí a bhféadfadh níos mó ná 2,000 cuairteoir freastal orthu ar an iomlán, ní mór don eagraí plean bainistithe comhshaoil agus dramhaíola a tharraingt suas agus é a chur ar fáil lena iniúchadh ag na húdaráis agus ag Stiúrthóireacht Póilíneachta Stáit Vín tráth ar bith.

(3) In aon chás, ní mór na gnéithe seo a leanas atá ábhartha ó thaobh an chomhshaoil de a áireamh sa choincheap:

1. Bearta chun úsáid iompair phoiblí nó rothar chun taisteal chuig ionad na n-imeachtaí agus uaidh a spreagadh,
2. Bearta chun tomhaltas fuinnimh a laghdú,
3. Bearta chun uisce a chaomhnú,
4. Bearta chun ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid,
5. Bronntanais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a úsáid i gcás inarb iomchuí,
6. Ithir agus fásra a chosaint ag imeachtaí faoin aer,
7. Bearta lena n-airithreofar go ndéanfar acmhainní a shábháil agus bia agus deochanna á ndáileadh (e.g. gan aon phacáistí sciarta ná córais chapsúil a dháileadh, uisce buaire a sholáthar).

(4) In aon chás, ní mór na gnéithe seo a leanas a bhaineann le dramhaíl a áireamh sa choincheap:

1. Tuairisc ar an gcineál imeachta agus cur síos ar na próisis a bhaineann le dramhaíl, líon na ndaoine ar féidir leo freastal ar an imeacht nó, i gcás imeachtaí lasmuigh, léiriú ar an limistéar atá inrochtana go poiblí do chuairteoirí;
2. Faisnéis maidir le cineál, cainníocht agus ceann scríbe na dramhaíola a bhfuiltear ag súil léi le linn an imeachta;
3. Bearta chun dramhaíl a chosc (e.g. coimeádáin mhóra a úsáid), a athúsáid (e.g. pacáistíocht in-athúsáidte, struchtúir ardáin), a bhailiú ar leithligh agus a chóireáil;
4. Réamhchúraimí eagraíochtúla maidir le comhlíonadh na reachtaíochta bainistithe dramhaíola a áirithiú.’

39. In Alt 36, mír 3, léitear an méid seo a leanas:

‘(3) Níl feidhm ag forálacha Alt 15, mír 4 agus mír 5 maidir le hoibriú meaisíní sliotáin siamsaíochta in áiteanna siamsaíochta poiblí.’

40. In Alt 38, mír 2, clásal 1, cuirtear an frása seo a leanas isteach i ndiaidh na habairte idir lúbíní ‘(Alt 13)’ roimh an gcamóg:

‘agus i gcás ina n-athraítear an t-eagraí (Alt 6, mír 6)’

41. In Alt 38, mír 2, clásal 12, agus in Alt 43, mír 10, in ionad an fhrása ‘BGBL I Uimh. 58/2018’ cuirtear isteach an frása ‘BGBL I Uimh. 34/2024’

42. In Alt 39, mír 1, clásal 2, cuirtear an frása ‘sa leagan reatha’ in ionad an fhrása ‘arna leasú go deireanach le LGBL le haghaidh Vín Uimh. 57/2019’.

43. In Alt 41, mír 6, in ionad an fhrása ‘BGBL II Uimh. 140/2019’ cuirtear isteach an frása ‘BGBL I Uimh. 205/2022’

44. In Alt 41, mír 8, scríostar an frása ‘ag an eagraí’.

45. In Alt 42, clásal 1, cuirtear isteach an frása ‘sa leagan reatha’ in ionad an fhrása ‘arna leasú go deireanach le LGBL le haghaidh Vín Uimh. 11/2019’.

46. In Alt 43,, mír 1, clásal 6 léitear an méid seo a leanas:

‘6. ní chomhlíonann forálacha Alt 32, cé is moite den chéad abairt agus den dara habairt de mhír 1, maidir le himeachtaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaoil nó an plean bainistithe dramhaíola nó an plean bainistithe comhshaoil agus dramhaíola atá formheasta go hoifigiúil;’

47. In Alt 43,, mír 2, clásal 9 léitear an méid seo a leanas:

‘9. mar eagraí, ní chomhlíonann ceanglais, orduithe nó coinníollacha i bhfógraí a fhorordaítear de bhun Ailt 9, 14 mír 4, 16, 17, 18, 19, 20, 22, 33, nó leanfaidh siad d’fheidhm a bheith acu de bhun Alt 47, mír 1;’

48. In Alt 43,, mír 3, clásal 4 léitear an méid seo a leanas:

‘4. sáraíonn forálacha Alt 15 maidir le hoibriú meaisíní sliotáin siamsaíochta;’

49. In Alt 45, clásal 2, in ionad an fhrása ‘BGBL I Uimh. 104/2018’ cuirtear isteach an frása ‘BGBL I Uimh. 160/2023’

50. In Alt 45, scriostar clásal 4.

51. Cuirtear an mhír seo a leanas le hAlt 47:

‘(10) Má tá coincheap bainistithe dramhaíola formheasta atá oiriúnach don imeacht atá i gceist ann cheana d’ionad imeachtaí, ní mór é a fhorlíonadh laistigh de bhliain amháin chun inneachar Alt . 32, mír 3, a chur san áireamh agus fogra a thabhairt don údarás ina leith. Má chomhlíonann coincheap an chomhshaoil agus na dramhaíola na forálacha reachtúla, ní mór don údarás é a thabhairt dá aire, seachas sin ní mór an ceadúnas a dhiúltú.’

Airteagal II

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh Airt. I clásail. 1, 15, 28, 31, 33, 35, 36, 37, 38, 46 agus 51 i bhfeidhm bliain tar éis dháta a bhfoilsithe. Tiocfaidh Airt. I clásail. 12 agus 18 i bhfeidhm trí mhí tar éis dáta a bhfoilsithe. Tiocfaidh na clásail uimhrithe eile d’Airteagal I i bhfeidhm an lá tar éis a bhfoilsithe.

Airteagal III

Tugadh fógra faoin Acht seo i gcomhréir le forálacha Threoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na sochaí faisnéise (uimhir an fhógra 2024/627/AT).

Gobharnóir Stáit:

Ludwig

Stiúrthóir Oifig an Stáit:

Griebler